# Comhairle Cathrach na Gaillimhe

# Taisteal Gníomhach agus Iompar Inbhuanaithe

**Meitheamh 2026**




Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# San eagrán seo

- Innéacs Siúil agus Rothaíochta
- Scéim Ghréasán Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin
- Líonra Rothaíochta Bóthar Stiofáin
- Scéim Iompair Ghníomhaigh Bhóthar Mhuine Mheá (Thoir)
- Trasrian Coisithe – Droichead na mBradán
- Rialuithe Rochtana
- Gradam buaite ag Tionscadail Taistil Ghníomhaigh Chathair na Gaillimhe
- Plaic Chuimhneacháin Nochta i gCuimhne ar an Saighdiúir Singil Stephen Griffin
- Féile Inspioráidí Aeráide 2026



# De réir an Innéacs Siúil agus Rothaíochta is déanaí, tógtar suas le 23,000 carr de bhóithre na Gaillimhe gach lá le siúl, rothlú agus rothaíocht



D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair torthaí a shuirbhé is déanaí ar shiúl, rothlú agus rothaíocht i Mórcheantar Uirbeach na Gaillimhe, ina léirítear go ndéanann cónaitheoirí a d'fhéadfadh carr a úsáid suas le 23,000 turas neamhfhóillíochta fillte trí shiúl agus trí rothaíocht gach lá. Léirítear sa tuarascáil méadú suntasach ar líon na gcónaitheoirí atá ag siúl agus ag rothlú anois cúig huaire sa tseachtain ar a laghad, suas ó 60% in 2023, go 67% in 2025. Léirítear sa suirbhé freisin go mbíonn duine amháin as gach cúigear (21%) de chónaitheoirí fásta ag rothaíocht uair amháin sa tseachtain ar a laghad, agus go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndaoine óga idir 16 agus 25 bliain d'aois a bhíonn ag rothaíocht uair amháin sa tseachtain ar a laghad go 35%, suas ó 31% in 2023.

Soláthraíonn an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta an measúnú is mó ar shiúl, rothlú agus rothaíocht in Éirinn agus sa RA. Déantar é a sheachadadh i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Comhairle Chontae na Gaillimhe, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus an carthanas iompair inbhuanaithe, Walk Wheel Cycle Trust. Chomh maith le hInnéacs Siúil agus Rothaíochta Mhórcheantar Uirbeach na Gaillimhe, tá tuarascálacha Innéacs á bhfoilsiú freisin ag Mórcheantair Uirbeacha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh - na Sionainne agus Phort Láirge.

# Innéacs Siúil agus Rothaíochta

Tá **Innéacs Siúil agus Rothaíochta Mhórcheantar Uirbeach na Gaillimhe** bunaithe ar shuirbhé neamhspleách atá ionadaíoch go déimeagrafach ar níos mó ná 1,100 cónaitheoir ar fud Mhórcheantar Uirbeach na Gaillimhe, atá 16 bliana d'aois agus os a chionn, ní hamháin iad siúd a shiúlann, a rothlaíonn agus a rothaíonn. Clúdaíonn an Mórcheantar Uirbeach an ceantar ó Órán Mór go Bearna agus ó thuaidh go Baile Chláir.

Léirítear go bhfuil 64% de chónaitheoirí i bhfabhar infheistíocht bhreise i rothaíocht agus go bhfuil 66% i bhfabhar infheistíocht bhreise i siúl agus i rothlú. Tá tacaíocht ard fós ann d'fhorbairt níos mó bonneagair rothair chosanta laistigh de Mhórcheantar Uirbeach na Gaillimhe, agus 82% de chónaitheoirí ag tacú le raonta rothar a thógáil atá scartha go fisiciúil ón trácht agus ó choisithe, fiú nuair a chiallaíonn sé sin go bhfuil níos lú spáis ann le haghaidh trácht eile.

Príomhthorthaí ó Innéacs Siúil agus Rothaíochta Mhórcheantar Uirbeach na Gaillimhe, 2025:

- Siúlann 67% de chónaitheoirí fásta 5 lá nó níos mó sa tseachtain, úsáideann 55% carr 5 lá nó níos mó sa tseachtain.
- Siúlann nó rothlaíonn 69% de mhná 5 lá nó níos mó sa tseachtain, suas ó 64% in 2023.
- Rothaíonn duine fásta amháin as gach cúigear (21%) uair amháin sa tseachtain ar a laghad.
- Rothaíonn 35% de dhaoine óga idir 16-25 bliain d'aois uair amháin sa tseachtain ar a laghad, suas ó 31% in 2023.
- Ba mhaith le 44% de chónaitheoirí siúl níos mó, agus ba mhaith le 38% rothaíocht níos mó amach anseo.
- Tacaíonn 82% de chónaitheoirí le raonta rothar a thógáil atá scartha go fisiciúil ón trácht agus choisithe, fiú nuair a chiallaíonn sé sin go bhfuil níos lú spáis ann le haghaidh trácht eile.
- Gach lá, tógann daoine a shiúlann, a rothlaíonn nó a rothaíonn le haghaidh turais neamhfhóillíochta nuair a d'fhéadfaidís carr a úsáid, suas le 23,000 carr de na bóithre i Mórcheantar Uirbeach na Gaillimhe. Dá mbeadh na carranna go léir i dtranglam tráchta, bheadh 112 ciliméadar de scuaine tráchta ann.
- Cruthaíonn cónaitheoirí a shiúlann, a rothlaíonn agus a rothaíonn tairbhe eacnamaíoch bhliantúil do dhaoine aonair agus do Mhórcheantar Uirbeach na Gaillimhe ar fiú €171.1 milliún í.

# Innéacs Siúil agus Rothaíochta

- Feabhsaíonn siúl, rothlú agus rothaíocht sláinte an phobail i Mórcheantar Uirbeach na Gaillimhe, rud a chuireann cosc ar 278 riocht sláinte tromchúiseach fadtéarmach gach bliain agus a shábhálann €3.6 milliún do FSS, arb ionann é sin agus costas breis agus 60,000 coinne dochtúra teaghlaigh.
- Sábhálann daoine a shiúlann, a rothlaíonn agus a rothaíonn in ionad tiomána astaíochtaí gás ceaptha teasa atá coibhéiseach le 36,000 milliún eitilt ó Aerfort na Sionainne go hAerfort Heathrow i Londain.

**Sochair Eacnamaíocha a bhaineann le Taisteal Gníomhach**

Fuarthas amach sa tuarascáil go gcruthaíonn siúl, rothlú agus rothaíocht tairbhe eacnamaíoch bhliantúil do dhaoine aonair agus do Mhórcheantar Uirbeach na Gaillimhe ar fiú €171.1 billiún í. Áirítear leis sin glantairbhe eacnamaíoch €1.67 in aghaidh gach ciliméadair a rothaítear in ionad na gciliméadar a thiomáintear agus tairbhe €1.19 in aghaidh gach ciliméadair a shiúltar in ionad na gciliméadar a thiomáintear. Cinneadh na costais sin trí anailís a dhéanamh ar am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, buntáistí sláinte, cáilíocht aeir agus cánachas.

**Buntáistí Comhshaoil**

Gach lá, déanann cónaitheoirí a d'fhéadfaidís carr a úsáid, suas le 23,000 turas fillte trí shiúl, rothlú agus rothaíocht i Mórcheantar Uirbeach na Gaillimhe. Dá mbeadh na carranna sin go léir i dtranglam tráchta, bheadh 112 ciliméadar de scuaine tráchta ann.  Fuarthas amach sa tuarascáil freisin go sábhálann siúl, rothlú agus rothaíocht 4,000 tonna d'astaíochtaí gás ceaptha teasa i nGaillimh gach bliain, rud atá coibhéiseach le thart ar 36,000 cónaitheoir ag eitilt ó Aerfort na Sionainne go hAerfort Heathrow i Londain.

**Buntáistí Sláinte agus Cuimsitheacht**

Leagtar amach sa tuarascáil na buntáistí a bhaineann le siúl, rothlú agus rothaíocht go Mórcheantar Uirbeach na Gaillimhe, agus cuireann na tairbhí gníomhaíochta coirp cosc ar 278 riocht sláinte tromchúiseach fadtéarmach gach bliain, ar fiú thart ar €3.6 milliún iad, agus is ionann é sin agus costas breis agus 60,000 coinne dochtúra teaghlaigh.

# Bhaile Bháin/Pháirc an Chaisleáin agus Bóthar Stiofáin

Tá dul chun cinn mór déanta ar sheachadadh **Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar Stiofáin** agus ar **Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Pháirc an Chaisleáin** le roinnt seachtainí agus míonna anuas.

Ar Bhóthar Stiofáin, tá dromchla nua curtha ar leithead iomlán an bhóthair, agus tá na hoibreacha ar an gcuid is mó de na hacomhail ar an taobh críochnaithe freisin. Tá na lánaí rothaíochta agus na cosáin nua oscailte do gach úsáideoir. Cé go bhfuil roinnt mionoibreacha le déanamh fós, a dtabharfar fúthu sna seachtainí amach romhainn, tá an chuid is mó de na hoibreacha tógála curtha i gcrích anois.  Cuirfear obair thírdhreachaithe i gcrích go gairid freisin.



# Bhaile Bháin/Pháirc an Chaisleáin



Ar an taobh Thoir den chathair, cuireadh oibreacha athdhromchlaithe bóthair i gcrích ar Bhóthar an Bhaile Bháin agus ar Bhóthar Pháirc an Chaisleáin i mí Bealtaine 2026. Tá dromchla nua a chur ar Bhóthar Mhuine Mheá san áireamh leis sin, ar na píosaí den bhóthar is gaire do Bhóthar an Bhaile Bháin.

Táthar ag tabhairt faoi chéimeanna deiridh an tionscadail anois. Sna seachtainí amach romhainn, déanfar oibreacha athdhromchlaithe ar na taobh-bhóithre agus ar na heastáit a thagann amach ar Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bóthar Pháirc an Chaisleáin. Tabharfar faoin obair marcála bóthair agus tá foscadáin bhus le cur isteach. Táimid ag súil go mbeidh an chuid is mó de na hoibreacha seo críochnaithe go hiomlán roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2026.

# Scéim Iompair Ghníomhaigh Bhóthar Mhuine Mheá (Thoir)



Tá sé ar intinn ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe iarratas pleanála a chur isteach don fhorbairt seo go gairid. Cuirfidh an tionscadal seo bealach ar fáil a bheidh sábháilte dóibh siúd a bhíonn ag siúl, ag úsáid deiseanna a bhfuil rothaí orthu agus ag rothaíocht, lena n-áirítear úsáideoirí a bheadh i gcontúirt ar na bóithre. Bhí imeacht faisnéise poiblí buail isteach ar bun i mí an Mhárta in Óstán an Clayton, agus d'fhreastail go leor daoine air. Bailíodh na tuairimí agus na haighneachtaí a tháinig as an imeacht seo le chéile agus rinneadh iad a bhreithniú mar chuid den iarratas pleanála.

**Céard atá Beartaithe**

Beidh an tionscadal seo ag síneadh thart ar 1.7km feadh Bhóthar Mhuine Mheá (an R338) ó acomhal Bhóthar Bhaile Bháin (R865) go dtí acomhal Sheanbhóthar Bhaile an Bhriotaigh (Thoir). Ar na hoibreacha atá i gceist beidh:

- Áiseanna nua ar leith do shiúlóirí, daoine a úsáideann rothaí agus rothaithe ina mbeidh cosáin, trasrianta rothaíochta agus spásanna comhroinnte.
- Trasrianta nua ar na bóithre le comharthaíocht agus gan comharthaíocht.
- Carrbhealaigh na mbóithre a laghdú agus na hachomhail a theannadh ar mhaithe le luas níos moille a spreagadh agus na bóithre a dhéanamh níos sábháilte do gach úsáideoir.
- Uasghrádú ar na háiseanna ag gach ceann de na stadanna bus atá cheana féin feadh an bhealaigh.
- Uasghrádú ar an R339 Bóthar Mhuine Mheá / an L5029 Acomhal Bhóthar Pháirc an Chaisleáin.



**<u>Tá tuilleadh eolais ar fáil ón nasc seo.</u>**

# Slite Sábhailte Chun na Scoile



Tá O'Connor Sutton Cronin (OCSC) ceaptha ag an Rannóg Taistil Ghníomhaigh ina gcomhairleoirí dearthóireachta chun dul chun cinn a dhéanamh ar Thionscadail Bealaí Sábháilte chun na Scoile ar fud na cathrach trí dhearadh, d'fhonn an togra a thógáil.

Tá OCSC ag déanamh athbhreithniú ar na Pleananna Achoimre Seachadta atá ann do gach scoil, a bhí ullmhaithe roimhe seo ag an Taisce. Beidh dearthaí críochnaithe faoi réir iarratais phleanála fhéideartha. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus OCSC ag dul i dteagmháil leis na scoileanna mar chuid den phróiseas seo.

I dteannta na dtionscadal atá mar chuid den chlár Bealaí Sábháilte chun na Scoile, tá OCSC ag dul i dteagmháil le Scoil Bhríde, Seantalamh, chomh maith d'fhonn scéim taistil ghníomhaigh os comhair na scoile a chur chun cinn sa suíomh seo.

Déanfar gach tionscnamh a fhorbairt trí réamhdhearadh, próisis reachtúla, dearadh mionsonraithe, agus soláthar agus é mar aidhm dul i mbun tógála ón tríú ráithe de 2027. Tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an tionscadal ag St. John the Apostle, Scoil Náisiúnta Chnoc na Cathrach sa gcéad ráithe de 2027. Tá gach scéim faoi réir cheadú an Údaráis Náisiúnta Iompair, toiliú pleanála agus an mhaoinithe atá ar fáil.

Cuirfidh scéimeanna Bealaí Sábháilte chun na Scoile athchóirithe "os comhair na scoile" ar fáil, a fheabhsóidh rochtain ar thailte scoile agus a chruthóidh spás sábháilte do dhaltaí os comhair na scoile. Tá an clár á mhaoiniú ag an Roinn Iompair tríd an Údarás Náisiúnta Iompair. Tá an clár á chur ar fáil ag an Taisce agus ag údaráis áitiúla.

# Slite Sábhailte Chun na Scoile



- Scoil Ag Foghlaim le Chéile na Gaillimhe/Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh, An Caisleán Nua
- Scoil Chaitríona, An Rinn Mhór
- Coláiste Iognáid, Bóthar na Mara:
- Gaelscoil Dara, An Rinn Mhór
- Coláiste Éinde, Bóthar na Mine, Bóthar na Trá,
- Scoil Náisiúnta Phádraig Naofa, Sráid na Lombardach
- St. John the Apostle, Scoil Náisiúnta Chnoc na Cathrach, Bóthar Dáileacháin an Iarthair, Cnoc na Cathrach,
- Gaelscoil Mhic Amhlaigh, Cnoc na Cathrach
- Bunscoil an Chladaigh – Bóthar Naomh Doiminic, An Cladach

Chomh maith leis sin, tá scéim taistil ghníomhaigh os comhair na scoile beartaithe do Scoil Bhríde freisin, agus tá dul chun cinn á dhéanamh air sin faoi láthair.

Tá scéimeanna Bealaí Sábháilte chun na Scoile curtha i gcrích i Scoil Iognáid, Bóithrín na Sliogán agus i Scoil Fhursa, Lóiste na Níle.

# Trasrian Coisithe – Droichead na mBradán



Tá an obair thógála ar thrasrian coisithe nua ag Droichead na mBradán curtha i gcrích. Tá an trasrian i bhfeidhm ó mhí an Mhárta 2026.

Tá trasrian sealadach do choisithe á chur ar fáil ar Bhóthar na hOllscoile (an R863) ag Ardeaglais na Gaillimhe trí Thionscadal Thrasrian Coisithe Dhroichead na mBradán. Is trasrian túcánach a bheidh anseo (i.e. trasrian atá rialaithe ag comharthaí do choisithe, do dhaoine atá ag úsáid deiseanna a bhfuil rothaí orthu, agus do rothaithe). Ceanglóidh an trasrian an cosán ar Bhóthar na hOllscoile, in aice le Garraí an Iascaigh, le Droichead an Dóchais agus feabhsófar an tsábháilteacht do gach úsáideoir bóthair.

Chuir Brian Conneely and Co. Ltd. na hoibreacha i gcrích thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair a chuir maoiniú ar fáil don tionscadal seo.

# Rialuithe Rochtana






Tá roinnt oibreacha chun geataí aonfhir, mar a thugtar orthu, a bhaint as áiteanna ar fud na cathrach curtha i gcrích den chuid is mó le roinnt seachtainí anuas.

Tá oibreacha déanta sna suíomhanna seo a leanas:

- Príomhgheataí 1 agus 2 Pháirc na Ceapaí
- Páirc Chuimhneacháin Celia Griffin
- Garrán Pháirc an Tobair
- Páirc Uí Shúilleabháin/Bóthar Mhichíl Uí Choileáin
- Garrán Pháirc an Tobair/Páirc Uí Shúilleabháin
- Garrán Pháirc an Tobair/Bóthar Bhaile Átha Cliath
- Coillte Mhuirlinne

Tá sé seo sa bhreis ar oibreacha a cuireadh i gcrích i mBaile an Locháin i ndeireadh na bliana 2025.

Tá oibreacha dearaidh ar bun anois chun oibreacha cosúil leo a cheadú in áiteanna breise, lena n-áirítear páirceanna peile an Taoibh Thiar, Páirc Ard an Chláir agus Páirc Ghort na Carraige. Tá tuilleadh suíomhanna á n-aithint, agus táimid ag súil níos mó geataí aonfhir a bhaint as áiteanna ar fud na cathrach i mbliana.

# Gradam buaite ag Tionscadail Taistil Ghníomhaigh Chathair na Gaillimhe




Tá lúcháir ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe Gradam don Tionscnamh Iompair Phoiblí is Fearr a bhuachan ag Gradaim Pobail agus Comhairle na hÉireann LAMA 2026 mar aitheantas ar thionscadal taistil ghníomhaigh céaduaire i gcroílár na cathrach. Ainmníodh Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar an Chorráin/Bhóthar na Mara, a chuir na chéad ghairdíní báistí riamh de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar fáil, chomh maith le sraith feabhsuithe ar shábháilteacht ar bhóithre, i measc na mbuaiteoirí ag an searmanas bronnta mór le rá ina dtugtar aitheantas do phobail agus comhairlí atá ag oibriú le chéile agus ina ndéantar ceiliúradh orthu.

Is cineál nua tírdhreachaithe é gairdín báistí a chabhraíonn le tuilte a chosc agus draenáil a fheabhsú trí uisce báistí a ghabháil agus a ionsú. Suiteáladh an dá ghairdín báistí ag acomhal an Chorráin agus Bhóthar na Mara i limistéir a bhí mar chuid den bhóthar roimhe seo, atá cúngaithe anois. Tógadh cosáin nua níos leithne sa spás sin chomh maith. Trí leithead an bhóthair a laghdú, laghdaíodh luasanna tráchta feithiclí agus amanna trasnaithe do shiúlóirí agus do rothaithe, rud a fheabhsaíonn sábháilteacht agus compord an bhóthair.

Mar chuid den scéim sin freisin, tógadh cosán nua ar feadh an Chorráin, ag nascadh Stad Bhus 401 leis an Ionad Leighis. Roimhe sin, ní raibh aon chosán ar an taobh sin den bhóthar. Tá dhá thrasrian coisithe tógtha chomh maith, agus tá oibreacha nua feabhsaithe sábháilteachta curtha i gcrích ag Scoil Fhursa in aice láimhe mar chuid den Scéim Bealaí Sábháilte chun na Scoile. Mhair oibreacha an tionscadail thart ar chúig mhí agus cuireadh i gcrích iad i mí Márta na bliana seo caite.

# Gradam buaite ag Tionscadail Taistil Ghníomhaigh Chathair na Gaillimhe

Tá comhghairdeas déanta ag Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Mike Cubbard, leo siúd go léir a d'oibrigh ar an tionscadal. "Chuir na hoibreacha taistil ghníomhaigh ag Bóthar an Chorráin/Bóthar na Mara feabhas ar shábháilteacht do gach úsáideoir bóthair. Chuir na gairdíní báistí le luach an cheantair seo ó thaobh na haeistéitice de, agus tá buntáistí tábhachtacha timpeallachta agus éiceolaíochta ag baint leo freisin. Is áit bheo bhríomhar anois é i lár na cathrach, agus úsáideann líon mór daoine an t-acomhal feabhsaithe gach lá, lena n-áirítear iad siúd a fhreastalaíonn ar na scoileanna agus ar choinní leighis in aice láimhe. Tá lúcháir orm a fheiceáil go bhfuil an fhorbairt dhearfach seo i nGaillimh aitheanta anois ar ardán náisiúnta."

Seo an dara bliain as a chéile a bhfuil Rannóg Taistil Ghníomhaigh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe aitheanta ag na Gradaim Pobail agus Comhairle na hÉireann. Ag imeacht na bliana seo caite, ainmníodh Scéim Taistil Ghníomhaigh Chanáil Eglinton, inar rinneadh athnuachan ar chosán canála stairiúil agus inar togadh trasrianta nua agus bearta maolaithe tráchta chun tosaíocht a thabhairt do choisithe agus do rothaithe, mar bhuaiteoir don Rian/Uiscebhealach is Fearr in Éirinn.

Tá moladh tugtha ag Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe Leonard Cleary dóibh siúd go léir a tháinig le chéile chun an tionscadal ag Bóthar an Chorráin/Bóthar na Mara a chur i gcrích. "Tá lúcháir orm arís go bhfuil foireann Rannóg Taistil Ghníomhaigh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe aitheanta ag na gradaim mhóra seo. Ba mhaith liom moladh a thabhairt don fhoireann ar fad, go háirithe dóibh siúd a d'oibrigh go díreach ar an tionscadal. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár gcomhpháirtithe a chabhraigh leis an scéim seo a chur i gcrích, lena n-áirítear Ionadaithe Tofa agus an pobal áitiúil. Gabhaim mo bhuíochas freisin leis na conraitheoirí John Madden and Sons Ltd., a gcuid fochonraitheoirí go léir agus na hinnealtóirí comhairleacha ag Clifton Scannell Emerson Associates."

"Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Údarás Náisiúnta Iompair as an tacaíocht leanúnach airgeadais a thug siad dó seo, agus as forbairtí taistil ghníomhaigh agus iompair inbhuanaithe eile ar fud na cathrach. Tá an maoiniú seo ríthábhachtach le go mbeidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe in ann leanúint ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta dár bpleananna uaillmhianacha chun infheistíocht a dhéanamh i réitigh nua iompair a chuideoidh le brú tráchta a mhaolú, chun cur ar chumas na cathrach fás ar bhealach inbhuanaithe agus chun na buntáistí go léir a bhaineann le bheith ag siúl, ag úsáid deiseanna a bhfuil rothaí orthu agus ag rothaíocht a chur ar fáil do Ghaillimh agus do mhuintir na háite."

# Gradam buaite ag Tionscadail Taistil Ghníomhaigh Chathair na Gaillimhe



Agus iad ina 20ú bliain ar an bhfód anois, tugann Gradaim Pobail agus Comhairle na hÉireann LAMA (Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil) aitheantas do agus déanann siad ceiliúradh ar obair na n-údarás áitiúil laistigh de phobail. Reáchtáladh imeacht na bliana seo san Ionad Comhdhála i mBaile Átha Cliath Dé Sathairn 28 Feabhra agus bhí 533 ainmniúchán san iomlán, an líon is mó riamh, ó na 31 Chomhairle ar fad.

# Féile Inspioráidí Aeráide 2026



Beidh **Féile Inspioráidí Aeráide 2026**, féile a bhfuil gradam buaite aici, ar ceiliúradh mór í ar chruthaitheacht, nuálacht agus gníomhaíocht pobail mar fhreagra ar an ngéarchéim aeráide, ar siúl ón **24 go dtí an 28 Meitheamh 2026** in ionaid éagsúla ar fud Chathair na Gaillimhe. Tugtar ealaíontóirí, eolaithe, foireann na comhairle agus pobail áitiúla le chéile chun borradh a chur faoi réitigh aeráide trí scéalaíocht agus cultúr a fhiosrú.

Beidh níos mó ná **30 imeacht** ar siúl le linn na féile cúig lá seo, imeachtaí amhail taispeántais idirghníomhacha, suiteálacha ealaíne aeráide, ceol beo, aonach pobail, picnic faoin spéir, ceardlanna inbhuanaitheachta, agus príomhchainteanna agus painéil ó cheannairí inbhuanaitheachta. Tá an clár seo leagtha amach chun samhlaíocht phoiblí a spreagadh agus pobail a chumasú chun gníomhú go fiúntach ar son na haeráide.

Is i bPáirc an Athar de Búrca a bheidh sé ar siúl, agus beidh dhá imeacht ann a bheidh dírithe ar Thaisteal Gníomhach, an péire acu ar siúl **Déardaoin an 25 Meitheamh**.  Cuirfear tús leis an lá le comhrá bunaithe ar an Innéacs Siúil agus Rothaíochta, Taisteal Gníomhach agus Athrú Iompraíochta, agus ansin beidh Turas Treoraithe ar roinnt de thionscadail Taistil Ghníomhaigh na cathrach.

Tá an dá imeacht seo saor in aisce, ach ní mór clárú roimh ré.  Téigh chuig **https://galwayclimatefestival.ie/**

# Plaic Chuimhneacháin Nochta i gCuimhne ar an Saighdiúir Singil Stephen Griffin



*Na dearthároireacha agus deirfiúracha don tSaighdiúra Shingil Stephen Griffin - Michael, Mary, Siobhain, Catherine, Seamus, Padraig, Aine, Tommy and Gabrielle - agus Méara Chathair na Gaillimhe an Clr Mike Cubbard.*

Nochtadh plaic chomórtha in ómós do shaighdiúir as Gaillimh a gortaíodh go marfach agus é ag fónamh ar mhisean síochánaíochta sa Liobáin os cionn 45 bliain ó shin. Bhí Méara Chathair na Gaillimhe, an Clr Mike Cubbard, i dteannta mhuintir an tSaighdiúra Shingil Stephen Griffin, nach maireann, chun an phlaic cloiche a nochtadh, a crochadh in aice le Bóthar Stiofáin, Rathún, atá ainmnithe in ómós dó.

Ní raibh an Saighdiúir Singil Griffin ach 21 bliain d'aois nuair a gortaíodh go marfach é an 7 Aibreán, 1980, in At Tiri i nDeisceart na Liobáine. Bhí sé ar fónamh ann leis an 46ú Cathlán Coisithe. Ba é an chéad saighdiúir Éireannach a maraíodh de bharr gníomhaíocht naimhdeach i seirbhís Fhórsa Eatramhaigh na Náisiún Aontaithe sa Liobáin.

Nochtadh plaic cloiche a cuireadh isteach le déanaí ag ócáid chomórtha Dé Domhnaigh seo caite, le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Óglaigh na hÉireann. Dúirt Séiplíneach na nÓglach, an tAthair Paul Murphy, paidir ag an ócáid, ar fhreastail ionadaithe as Dún Uí Mhaoilíosa chomh maith le roinnt d'iar-chomhghleacaithe an tSaighdiúra Shingil Griffin as Dún Uí Choileáin i gCorcaigh, áit a raibh sé lonnaithe, uirthi.

# Turas Siúil do Mhic Léinn Ollscoil na Gaillimhe




D'éascaigh an Rannóg Taistil Ghníomhaigh staidéar allamuigh le gairid le mic léinn an Bhaitsiléara Eolaíochtaí Sóisialta as Ollscoil na Gaillimhe.

Cuireadh tús leis an turas le cur i láthair bunaithe ar Thionscadail Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ón "Straitéis go Cur i bhFeidhm" na dtionscadal. Lean siúlóid threoraithe an cur i láthair seo chuig roinnt tionscadal i lár na cathrach lena n-áirítear Scoil Iognáid, Droichead an Dóchais, Scéim Taistil Ghníomhaigh Chanáil Eglinton agus Droichead Coisithe Wolfe Tone II, chun an nasc idir cur i bhfeidhm beartas agus tionscadal a léiriú.

Is í an Dr Elaine Williams, Léachtóir Tíreolaíochta, a threoraigh an turas, a bhí leagtha amach chun léargas pearsanta a thabhairt do mhic léinn ar inbhuanaitheacht, dearadh uirbeach, pleanáil, inrochtaineacht agus insiúltacht. Tugadh an t-eolas is déanaí do na mic léinn faoi thionscadail atá curtha i gcrích, tionscadail atá idir lámha, agus pleananna Chomhairle Cathrach na Gaillimhe amach anseo maidir le bonneagar inbhuanaitheach don taisteal gníomhach a fhorbairt.



**Go raibh maith agaibh as é seo a léamh. Bíonn fáilte i gcónaí roimh aiseolas agus ceisteanna.**

**ActiveTravel@GalwayCity.ie**
**091 536400**

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority